# Scríbhneoireacht Ghnásúil

## Faisnéis Tacaíochta

### Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó Rang a hAon i scoil phríomhshrutha do chailíní. Mar is léir ón bpíosa scannánaíochta, rinne an múinteoir **teagasc ranga uile** agus **teagasc i ngrúpaí níos lú** nuair a bhí seánra na scríbhneoireachta gnásúla á theagasc. Úsáidtear cur chuige sa scoil uile chun na seánraí a theagasc sa scoil agus múintear na gnéithe teanga agus na creata a bhaineann le raon seánraí go follasach do na páistí, agus múinteoirí ag díriú ar sheánra ar leith ag an am. Tá na páistí i dtaithí ar a bheith ag oibriú mar rang iomlán agus i ngrúpaí beaga.

Glacann an múinteoir le **Samhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim** agus na seánraí scríbhneoireachta á dteagasc. Maidir leis an Sampla reatha ar an scríbhneoireacht ghnásúil, díríodh ar na céimeanna tosaigh de shamhail an scaoilte freagrachta, céim ar chéim. Lean an múinteoir roinnt céimeanna agus na cinn seo a leanas ina measc:

1. Bhí blaiseadh de raon téacsanna gnásúla faighte ag na páistí roimhe seo mar thús eolais ar an **seánra gnásúil** agus áiríodh oidis chócaireachta agus treoracha le haghaidh cluichí sna téacsanna sin. Cuireadh deis ar fáil dóibh dul i dtaithí ar **ghnéithe teanga agus an gnáthstruchtúr** a bhaineann le téacs gnásúil de réir mar a shainaithin an múinteoir iad agus ar briseadh síos na gnéithe éagsúla a bhíonn ag téacs gnásúil. Rinne sé eiseamláiriú ar an gcaoi le téacs gnásúil a scríobh freisin don rang ar smeach-chairt ag úsáid straitéisí bunaithe ar a bheith ag caint os ard.



2. Tugadh **oideas** do na páistí chun crosbhorróga a dhéanamh. Iarradh ar na páistí oibriú i mbeirteanna agus na briathra gnímh a shainaithint agus a aibhsiú le chéile; is gné de théacsanna gnásúla iad na briathra gnímh. D'aibhsigh na páistí focail amhail *measc*, *bain*, *croith*, *corraigh* agus *cuimil*. Chuir siad liosta d'fhocail dheacra le chéile freisin; rinne an múinteoir cur síos ar na focail sin mar fhocail nach raibh a mbrí ar eolas ag na páistí nó focail a raibh deacracht acu a léamh. Bhailigh an múinteoir an t-aiseolas ó na beirteanna, chuir sé liosta de na briathra gnímh agus na focail dheacra ar an gclár bán agus phléigh sé iad leis an rang uile. Phléigh an múinteoir agus na páistí an próiseas a bhaineann le crosbhorróga a dhéanamh le chéile agus chruthaigh siad liosta den trealamh agus de na comhábhair éagsúla a theastaíonn i gcomhar a chéile, ansin chuir siad na céimeanna a dhéantar chun crosbhorróga a dhéanamh i seicheamh.

3. D'iarr an múinteoir ar na páistí na **briathra gnímh** a úsáid ansin agus **téacs gnásúil a scríobh** chun crosbhorróga a dhéanamh. Tugadh rogha dóibh léaráidí agus briathra gnímh nó abairtí a úsáid ina dtéacsanna gnásúla. Iarradh orthu díriú ar **struchtúr agus seicheamhú** an téacs. Bhog an múinteoir timpeall an tseomra ranga ag treorú na bpáistí de réir mar ba ghá.

# Scríbhneoireacht Ghnásúil

## Faisnéis Tacaíochta

4. Chuir na páistí a **dtéacsanna gnásúla i láthair** don rang. D'úsáid roinnt páistí léaráidí agus briathra gnímh. Scríobh páistí eile abairtí níos faide agus thosaigh gach abairt leis an bhfoirm ordaitheach den bhriathar. Rinne na páistí cur síos ar an mbealach ar chuir siad struchtúr ar a dtéacsanna gnásúla.

5. Mhínigh an múinteoir go mbeadh na páistí ag cruthú téacsanna gnásúla go neamhspleách agus **ag roghnú ábhar a raibh spéis acu iontu** mar chuid den chéad chéim eile den fhoghlaim, cuir i gcás, treoracha chun an cluiche is fearr leo a imirt nó oideas a scríobh don bhéile is fearr leo.

### Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

Maidir leis an Sampla seo, bhí nasc soiléir idir na snáitheanna mar bhí foghlaim ó na snáitheanna Scríbhneoireachta agus Teanga ó Bhéal mar chuid de na heispéiris foghlama dá ndearnadh pleanáil don rang. Ach a chuid **eolais ar an oideolaíocht, ar na páistí agus ar inneachar** Churaclam Teanga na Bunscoile a úsáid, d'aithin an múinteoir roinnt torthaí iomchuí ón **Snáithe Scríbhneoireachta** agus fócas na foghlama nua le haghaidh gach toraidh foghlama. Is iad seo a leanas na torthaí sin:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF6: Cuspóir, seánra agus guth | Téacsanna a chruthú sa seánra gnásúil.<br><br>An struchtúr tipiciúil agus na gnéithe teanga a bhaineann leis an seánra gnásúil a fhiosrú agus a úsáid. |
| TF7: Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs | Úsáid a bhaint as an bpróiseas scríbhneoireachta agus téacsanna á scríobh i gcomhar le daoine eile nó go neamhspleách. |

Ó tharla go raibh an múinteoir agus na páistí ag déanamh cur síos ó bhéal agus ag cruthú téacsanna gnásúla, phleanáil an múinteoir don fhoghlaim seo a leanas ón **snáithe Teanga ó Bhéal**:

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF2: Inspreagadh agus rogha | Téacsanna a roghnú agus a chruthú bunaithe ar spéis an pháiste. |

Chuir an múinteoir na heispéiris foghlama in oiriúint do **riachtanais agus cumais na bpáistí** agus na dtorthaí foghlama sainaitheanta. Bhí an méid sin soiléir san fhíseán agus sa bhealach inar chuir na páistí a dtéacsanna gnásúla i láthair i bhformáidí éagsúla, roghnaigh roinnt páistí léaráidí agus briathra gnímh a úsáid agus roghnaigh páistí eile abairtí níos faide a scríobh.



# Scríbhneoireacht Ghnásúil

## Faisnéis Tacaíochta

### Measúnú

Agus é ag díriú ar na **chéad chéimeanna eile den fhoghlaim**, rinne an múinteoir cur síos ar an gcaoi a ndéanfadh na páistí dul chun cinn go neamhspleách, ag cruthú téacsanna gnásúla bunaithe ar a spéiseanna pearsanta féin. Beidh ar na páistí ábhar a roghnú le díriú air ina dtéacsanna gnásúla agus caithfidh siad cineál áirithe téacs ghnásúil a roghnú freisin, cuir i gcás, oideas nó treoracha chun cluiche a imirt.

Rinne an múinteoir cur síos ar an tábhacht a bhaineann leis an measúnú don fhoghlaim. Nuair a bhí na gníomhaíochtaí aonair agus i mbeirteanna á ndéanamh ag na páistí bhog an múintear timpeall na bpáistí, **ag faire, ag cur ceisteanna chun scafláil a thabhairt don fhoghlaim** agus **ag freagairt** do pháistí ar leithligh, le tacaíocht bhreise, de réir mar ba ghá. Rinneadh na cineálacha sin de **mheasúnú iomasach** go leanúnach ar bhealach neamhphleanáilte, ach bhí siad lárnach ó thaobh tacú le dul chun cinn na bpáistí. Chuir an múinteoir deiseanna **féinmheasúnaithe** ar fáil freisin. Iarradh ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an téacs gnásúil a chruthaigh siad agus an bealach ar thug siad faoin tasc a phlé. Chuir na cineálacha **idirghníomhaíochtaí pleanáilte** sin ar chumas an mhúinteora measúnú a dhéanamh ar thuiscint na bpáistí ar an bpróiseas scríbhneoireachta agus ar a gcumas tabhairt faoi.

### Machnamh

- Déan an úsáid a bhain an múinteoir as Samhail an Scaoilte Freagrachta, Céim ar Chéim chun seánra na scríbhneoireachta gnásúla a theagasc a mheas. Conas a thacaíonn an múinteoir leis na páistí?
- Conas a mothaíonn tú faoi na deiseanna a chuir an múinteoir ar fáil don obair i mbeirteanna?
- Déan rannpháirtíocht na bpáistí leis an bpróiseas scríbhneoireachta i nGaeilge a mheas ach scrúdú a dhéanamh ar Thoradh Foghlama 7 Próiseas na scríbhneoireachta agus téacs a chruthú sa snáithe scríbhneoireachta don Ghaeilge. Conas a d'fhéadfadh rannpháirtíocht na bpáistí sa phróiseas scríbhneoireachta mar a léiríodh í sa Sampla seo aistriú chuig a gcuid foghlama sa Ghaeilge? Conas a d'fhéadfadh an múinteoir ullmhú don aistriú scileanna sin ón mBéarla go dtí an Ghaeilge?

**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**